C/2026/5443

19.10.2026

Fógra le haghaidh duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2018/1544 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2018/1542 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach

(C/2026/5443)

Dírítear aird Sergei Vladilenovich KIRIYENKO, duine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2018/1544 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1542 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle Sergei Vladilenovich KIRIYENKO a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle [3] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise ar bhonn fianaise nua agus ráiteas nua ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl don duine sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann lena liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise a fháil, **roimh an 26 Deireadh Fómhair 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 259, 16.10.2018, lch. 25.
(2) IO L 259, 16.10.2018, lch. 12.
(3) IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj.
(4) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.